



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Saorghluaiseacht san Aontas le linn
phaindéim COVID-19:** Grinnscrúdú teoranta ar
rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, agus
gníomhaíochtaí neamhchomhordaithe na
mBallstát

Ábhar

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL	2
a) Réamhrá ginearálta.....	2
b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí CIE.....	3
c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile.....	4
II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE	4
1. Maoirseacht an Choimisiúin ar athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.....	4
2. Iarrachtaí an Choimisiúin comhordú agus comhar a éascú maidir le rialuithe teorann a thabhairt isteach arís.....	5
3. Faireachán agus comhordú an Choimisiúin ar shrianta taistil na mBallstát.....	6
III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE	7
Moladh 1: Grinn-iniúchadh a fheidhmiú ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha	7
Moladh 2: Bailiú sonraí faoi shrianta taistil a chuíchóiriú	7
Moladh 3: Treoir níos inghníomhaithe a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha.....	8

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

a) Réamhrá ginearálta

An limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ('limistéar Schengen'), is é an limistéar saorthaistil is mó ar domhan agus tá níos mó ná 420 milliún duine ina gcónaí ann ar fud na 26 thír lena mbaineann. Le dhá bhliain anuas, chuir paidéim COVID-19 brú mór ar limistéar Schengen, rud a thug ar roinnt Ballstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú.

Is géarchéim sláinte poiblí í paidéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Is é an chéad uair a raibh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar phaindéim a dhéanann difear do gach uile Ballstát, agus gá le hiarrachtaí suntasacha dá réir chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin mar ábhar tosaíochta.

Chun aghaidh a thabhairt ar an staid ag na teorainneacha inmheánacha, d'fhorbair an Coimisiún sraith treoirlínte agus moltaí. Ina theannta sin, is léir ón taithí a fuarthas nach leor na huirlisí atá ann faoi láthair i gcóras Schengen chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim ar nós na géarchéime atá ann faoi láthair go héifeachtach. Dá bhrí sin, fógraíodh roinnt beart le Straitéis Schengen an 2 Meitheamh 2021 chun é sin a leigheas, lena n-áirítear togra ón gCoimisiún chun Cód Teorainneacha Schengen¹ a leasú agus nuashonrú a dhéanamh ar an Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann. Cuireadh an togra sin maidir le Cód Teorainneacha Schengen a leasú i láthair an 14 Nollaig 2021², bunaithe ar mheasúnú tionchair cuimsitheach inar breathnaíodh go géar go háirithe ar na saincheistanna a bhí ann mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19.

Tá an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar bhonn agus mar thaca ag an gceart chun saorghluaiseachta atá ag saoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlach laistigh den Aontas, rud atá ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas agus tugann sé spreagadh tábhachtach dá gheilleagar. Mar sin féin, tá an dá choincheap á rialú ag córais dhlíthiúla éagsúla agus tá feidhm acu maidir le grúpaí éagsúla tíortha. D'fhéadfadh saorghluaiseacht, cé gur ceart bunúsach í, a bheith faoi réir teorainneacha, áfach, nach mór a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, go háirithe prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.

I gcomhthéacs na bagartha urghnáiche a ghabhann le paidéim COVID-19, tá roinnt bearta sláinte tugtha isteach ag Ballstáit, bearta a d'imir tionchar ar an gceart saorghluaiseachta san Aontas Eorpach. Ó thús na paidéime rinne an Coimisiún comhordú le Ballstáit maidir leis na srianta taistil a chuir siad i bhfeidhm i leith COVID-19³, agus d'fhorbair sé uirlisí amhail an léarscáil soilse tráchta a fhoilsíonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú go seachtainiúil⁴, agus Deimhniú

¹ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais i dtaobh na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) IO L 77 23.3.2016, lch. 1–52

² COM(2021)891 final.

³ Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le bearta bainistithe teorann chun sláinte a chosaint agus chun infhaighteacht earraí agus seirbhísí riachtanacha a áirithiú, atá ar fáil anseo: [EUR-Lex - 52020XC0316\(03\) - GA - EUR-Lex \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020XC0316(03)-GA)

⁴ <https://www.ecdc.europa.eu/en/covid-19/situation-updates/weekly-maps-coordinated-restriction-free-movement>

Digiteach COVID an Aontais⁵. Le linn an phróisis sin, leag an Coimisiún béim i gcónaí ar an ngá atá ann do na Ballstáit faisnéis shoiléir, chuimsitheach agus thráthúil a chur ar fáil maidir le haon srianta taistil is infheidhme.

Agus faireachán á dhéanamh ar chomhlíonadh shrianta taistil na mBallstát le dlí an Aontais, bhí ar an gCoimisiún inniúlacht na mBallstát i réimse na sláinte poiblí a chur san áireamh. Bhí ar an gCoimisiún cothromaíocht a bhaint amach i gcónaí idir na srianta is gá chun saol daoine a chosaint, agus srian a chur le srianta ar an tsaoirse gluaiseachta i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail an chomhréireacht agus an neamh-idirdhealú.

Rinneadh an t-iniúchadh nuair ba threise paidéim COVID-19, tráth a baineadh leas as na hacmhainní uile a d'fhéadfaí a úsáid chun dul i ngleic leis an ngéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Mar thoradh ar uainiú an iniúchta, atreoraíodh acmhainní luachmhara de chuid an Choimisiúin óna bheith ag déileáil leis an ngéarchéim chun aghaidh a thabhairt ar an iniúchadh. Iarmhairt neamhbheartaithe ní foláir atá míchuíbhiúil fós féin ar mhaith leis an gCoimisiún a tharraingt ar aird do CIE.

b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí CIE

Tugann an Coimisiún dá aire tuarascáil CIE maidir le gníomhaíocht an Choimisiúin an ceart chun saorghluaiseachta atá ag daoine a chosaint le linn phaindéim COVID-19, le béim ar rialuithe inmheánacha teorainneacha Schengen agus ar shrianta taistil.

Maidir leis an maoirseacht a rinne an Coimisiún ar athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, níor bhreithnigh an Coimisiún iarrataí i scríbhinn ar fhaisnéis bhreise i gcomhthéacs luaineach phaindéim COVID-19. Ina ionad sin, lean an Coimisiún ar aghaidh chuig an bplé ar bhealach réamhghníomhach ar an tsaincheist maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, rialuithe a d'athbhunaigh na Ballstáit mar fhreagairt ar COVID-19, i gcruinnithe rialta 'Ghrúpa Faisnéise COVID-19 – Gnóthaí Baile', ina ndearnadh obair leantach ar phreas-tuarascálacha agus ar ghearáin aonair leis na húdaráis náisiúnta ábhartha. Thairis sin, mhol an Coimisiún Cód Teorainneacha Schengen a leasú, d'fhonn féidearthachtaí maoirseachta, *inter alia*, an Choimisiúin a neartú.

Bhí faireachán agus comhordú an Choimisiúin ar shrianta taistil na mBallstát ar shaorghluaiseacht, go háirithe an measúnú a rinne sé ar chomhréireacht agus ar neamh-idirdhealú, faoi réir srianta agus dúshláin a eascraíonn as paidéim COVID-19, lena n-áirítear cineál luaineach na mbeart. Sa chomhthéacs sin, d'éirigh an treoir mhionsonraithe maidir le srianta taistil a chuir an Coimisiún ar aghaidh, agus a ghlac an Chomhairle i bhfoirm Moltaí⁶, d'éirigh sí níos mionsonraithe de réir a chéile agus í oiriúnaithe d'fhorbairtí eipidéimeolaíocha. Leis an Moladh, tugtar bunlíne thábhachtach don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar bhearta na mBallstát. Bunaithe ar na feabhsuithe ar an gcreat dlíthiúil a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an

⁵ https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/coronavirus-response/safe-covid-19-vaccines-europeans/eu-digital-covid-certificate_ga

⁶ Moladh ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an tsaorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (leagan comhdhlúite ar fáil anseo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02020H1475-20210202>). Cuireadh in ionad an mholta sin Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 (atá ar fáil ag: <http://data.europa.eu/eli/reco/2022/107/oj>)

Aontais⁷, tá céimeanna tugtha ag an gCoimisiún freisin chun bailiú faisnéise maidir le srianta taistil na mBallstát a chuíchóiriú.

I ndáil leis na moltaí, glacann an Coimisiún le moltaí 1a, 1b, 1c agus 1d. Ní ghlacann sé le moladh 1e. Glacann an Coimisiún le moltaí 2 agus 3.

Mínítear seasamh mionsonraithe an Choimisiúin i ranna II agus III.

c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile

Chun saorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, an Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais. Tá sé i bhfeidhm ó bhí an 1 Iúil 2021 ann. Is bealach saor in aisce, simplí agus slán é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh chun stádas COVID-19 duine a léiriú, agus is gné rithábhachtach é de chuid fhreagairt na hEorpa ar phaindéim COVID-19.

Ina theannta sin, an 25 Eanáir 2022, ghlac an Chomhairle, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, Moladh maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19, a chuirtear in ionad an mholta roimhe sin ar an ábhar.

Maidir leis an togra le haghaidh leasú ar Chód Teorainneacha Schengen an 14 Nollaig 2021 (COM(2021) 891 final), cuireadh tús leis an gcaibidlíocht sa Chomhairle, áit ar tugadh an chéad léamh chun críche ag deireadh mhí Eanáir 2022.

Tionóladh dhá chruinniú saineolaithe leis na Ballstáit go dtí seo, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag 2021, chun plé a dhéanamh ar an nuashonrú a rinneadh ar an Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann, ar cheart a bheith eisithe faoi dheireadh na bliana.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Maoirseacht an Choimisiúin ar athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha

Maidir le maoirseacht an Choimisiúin ar athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, i gcomhthéacs luaineach phaindéim COVID-19, measadh nach raibh iarrataí i scríbhinn ar fhaisnéis bhreise ar an mbealach is éifeachtúla chun an mhaoirseacht sin a dhéanamh; Mar sin féin, lean an Coimisiún ar aghaidh chuig an bplé ar bhealach réamhghníomhach ar an tsaincheist maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, rialuithe a d'athbhunaigh na Ballstáit mar fhreagairt ar COVID-19, i gcruinnithe rialta 'Ghrúpa Faisnéise COVID-19 – Gnóthaí Baile', ina ndearnadh obair leantach ar thuairiscí sna meáin agus ar ghearáin aonair leis na húdaráis náisiúnta ábhartha.

⁷ Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíní, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19. Tá sé ar fáil anseo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32021R0953>

Ní leor an fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil – fógraí agus tuarascálacha *ex post*. Nuair a rinne an Coimisiún iarracht aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin leis na Ballstáit a raibh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i bhfeidhm acu le roinnt blianta agus i gcaitheamh 2017, níorbh leor iad na freagraí a fuair sé chun measúnú láidir a dhéanamh.

Ní hamháin mar gheall ar ghníomhaíocht neamhleor ón gCoimisiún, ach freisin mar gheall ar chreat dlíthiúil nach raibh oiriúnach don fheidhm. Bhí sé sin mar chuid de thorthaí an mheasúnaithe tionchair i mí na Bealtaine 2021⁸ agus tugadh aghaidh air sa togra ón gCoimisiún chun Cód Teorainneacha Schengen an 14 Nollaig 2021 a leasú.

Fógraíodh i Straitéis Schengen cheana féin i mí an Mheithimh 2021, *“Tá sé tábhachtach go gcumhdóidh plé polaitiúil go cuimsitheach gach gné den ailtireacht chasta a thacaíonn le feidhmiú cuí Schengen. Chun na críche sin, athsheolfaidh an Coimisiún glacadh ‘Tuarascáil ar Staid Schengen’ le bheith mar bhonn faoin bplé ag an bhFóram bliantúil. Déanfar achoimre sa tuarascáil ar an staid maidir le heaspa rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, torthaí meastóireachtaí Schengen, agus staid chur chun feidhme na moltaí. Comhtháthóidh an Coimisiún “Scórchlár ar Staid Schengen” sna tuarascálacha seo chun measúnú a dhéanamh ar bhealach idirascatha ar chur chun feidhme acquis Schengen sna réimsí éagsúla beartais agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar aon dúshlán.”* Tá an ceanglas sin curtha san áireamh sa togra le haghaidh leasú ar Chód Teorainneacha Schengen. Ina theannta sin, déantar foráil sa togra maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú go bliantúil ar a laghad maidir le riachtanas agus comhréireacht na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, i gcásanna ina bhfuil rialuithe den sórt sin i bhfeidhm ar feadh níos mó ná 12 mhí.

2. Iarrachtaí an Choimisiúin comhordú agus comhar a éascú maidir le rialuithe teorann a thabhairt isteach arís

Ós rud é gur inniúlacht náisiúnta go príomha é an tsláinte phoiblí a chosaint, is ar rialtais náisiúnta a luíonn aon chinneadh chun srianta taistil a bhaineann le paindéim COVID-19 a chur chun feidhme, agus iad a fhorfheidhmiú trí rialuithe teorann. Ní féidir leis an gCoimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne na srianta taistil sin a fhad is go gcomhlíonann siad prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe. In éagmais creat dlíthiúil ceangailteach a ligfeadh don Choimisiún gníomhú, beidh na Ballstáit inniúil i gcónaí bearta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, agus braitheann iarrachtaí an Choimisiúin gníomhaíochtaí den sórt sin a chomhordú ar dhea-thoil na mBallstát.

Maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, bhí an tsaincheist sin ar cheann de phríomhthorthaí an mheasúnaithe tionchair⁹ don togra le haghaidh leasú ar Chód Teorainneacha Schengen, agus léirítear í freisin in Airteagal 28 den togra ón gCoimisiún a glacadh.

D’ainneoin na srianta atá ar an gcreat dlíthiúil, rinne an Coimisiún a dhícheall an fhreagairt a thug na Ballstáit maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus srianta taistil a chomhordú. Bhuail Grúpa Faisnéise COVID-19 – Teorainneacha (ar a tugadh ‘Gnóthaí Baile’ ina dhiaidh sin) le chéile (trí fhíschomhdháil) 33 uaire idir deireadh mhí Feabhra agus mí Mheán Fómhair 2020. D’fhreastail gach Ballstát agus Tíortha Comhlachaithe Schengen ar na cruinnithe, seirbhísí éagsúla ón gCoimisiún (Ard-Stiúrthóireachtaí HOME, SANTE, ECHO, JUST, MOVE, SG de ghnáth, ach cinn eile freisin ó am go chéile, ag brath ar na hábhair a pléadh, amhail EMPL, AGRI, TAXUD, etc.) chomh maith le gníomhaireachtaí (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Rialú agus a

⁸ Féach Ich. 21 den Mheasúnú Tionchair agus Iarscríbhinn XII a ghabhann leis.

⁹ Féach roinn 4.2.1 den Mheasúnú Tionchair.

Chosc) agus Rúnaíocht na Comhairle. Ba é an misean a bhí ag an nGrúpa fóram *ad hoc* a chur ar fáil do na Ballstáit, do Thíortha Comhlachaithe Schengen, do Sheirbhísí agus do Ghníomhaireachtaí an Choimisiúin chun dul i ngleic le gach saincheist a bhaineann leis an teorainneacha agus le Gnóthaí Baile a bhaineann le géarchéim COVID. Tá sé tábhachtach a mheabhú gur cuireadh na gníomhaíochtaí sin chun feidhme i gcomhthéacs an dúshláin dhomhanda is mó a bhí os comhair an domhain sa ré seo.

D'éisigh an Coimisiún treirdhoiciméid fhairsinge freisin ar bhonn réamhghníomhach do na Ballstáit i bhfoirm teachtaireachtaí, treoirlínte agus tograí le haghaidh moltaí ón gComhairle, anuas ar thograí reachtacha in earnálacha sonracha.' Eisíodh an treoir seo i ndiaidh éabhlóid agus chéimeanna éagsúla na paindéime.

Leagadh béim freisin i Straitéis Schengen Mheitheamh 2021 ar an tionchar a bhí ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunaíodh arís, go háirithe na rialuithe sin a athbhunaíodh mar fhreagairt ar COVID-19, ar shaoránaigh agus ar an ngeilleagar i ngeall ar an easpa comhordúcháin idir na Ballstáit, go háirithe i limistéir trasteorann. Rinneadh tagairt sa Straitéis freisin don réimse leathan treoirlínte agus moltaí a glacadh i ndáil le paindéim COVID-19, go háirithe córas na 'Lánaí Glasa', mar fhreagairt ar an trácht lasta ar cuireadh stad leis ag na teorainneacha inmheánacha. Chun a bheith ullmhaithe ar dhóigh níos fearr le haghaidh géarchéimeanna amach anseo agus i gcás nach féidir rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a sheachaint arís amach anseo, tá an Straitéis tiomanta códú a dhéanamh ar na bearta maolaitheacha ábhartha ó na treoirlínte agus na moltaí a forbraíodh i ndáil le COVID-19 sa Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann, rud ar cheart a bheith ina chéad phointe tagartha do ghardaí teorann i gcás géarchéime. Tá an próiseas sin chun an Lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta ar siúl faoi láthair, mar a mhínítear faoi phointe I c) thuas.

3. Faireachán agus comhordú an Choimisiúin ar shrianta taistil na mBallstát

Tá an faireachán ar shrianta taistil na mBallstát ar shaorghluaiseacht, a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, faoi réir srianta agus dúshláin éagsúla.

Agus measúnú á dhéanamh ar a gcomhréireacht, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar chás a dhéanamh ar bhearta na mBallstát, anailís lena gcuirtear san áireamh tosca amhail an staid eipidéimeolaíoch, suíomh geografach na mBallstát, bearta intíre arna nglacadh chun an phaindéim a chomhrac, díolúintí dá bhforáiltear do thaistealaithe riachtanacha, agus breithnithe eile (mar shampla, acmhainneachtaí éagsúla cúraim sláinte na mBallstát). Is measa an deacracht a bhaineann leis an anailís seo mar gheall ar chineál luaineach na mbeart.

Ag an am céanna, d'éirigh an treoir maidir le srianta taistil a chuir an Coimisiún ar aghaidh agus a ghlac an Chomhairle níos mionsonraithe le himeacht ama agus níos oiriúnaí do na forbairtí eipidéimeolaíocha, amhail athraithigh nua SARS-CoV-2 a tháinig chun cinn arbh díol imní iad, méadú ar ghlacadh vacsainithe, nó cur i bhfeidhm Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais.

Ní hamháin go raibh prionsabail ghinearálta san áireamh sa Mholadh, a glacadh den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2021, ach chuir sé creat comhchoiteann ar fáil do na Ballstáit arb é is aidhm leis cur i bhfeidhm praiticiúil na bprionsabal sin a éascú, ar bhealach comhordaithe, maidir leis an gcás eisceachtúil arb é paindéim COVID-19 is cúis léi. Ós rud é gur ghlac an Chomhairle an Moladh agus gur thacaigh na Ballstáit leis dá bhrí sin, chuir sí tagarmharc úsáideach ar fáil don Choimisiún ina theagmhálacha rialta leis na Ballstáit maidir leis na bearta a bhféadfaí a mheas ina leith go gcomhlíonann siad prionsabal na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe.

Ina theannta sin, le glacadh an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2021, cuireadh feabhas tábhachtach leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Le hAirteagal 11(2) de, tugtar isteach ceanglas ar na Ballstáit eolas a thabhairt dá chéile agus don Choimisiún faoi na srianta a fhorchuirtear ar shealbhóirí Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, 48 n-uaire an chloig roimh ré más féidir. Sa chomhthéacs sin, ní mór do na Ballstáit na cúiseanna atá leis na srianta sin, a raon feidhme agus a ré a chur ar fáil. Leis an gceanglas dlí nua sin, éascaítear an anailís a dhéanann an Coimisiún ar bhearta na mBallstát agus chuir sé ar a chumas bailiú faisnéise maidir le srianta taistil na mBallstát a chuíchóiriú.

III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE

Moladh 1: Grinn-iniúchadh a fheidhmiú ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha

Tá bearta déanta ag an gCoimisiún cheana féin chun feabhas a chur ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair, chun leasuithe fadréimseacha ar Chód Teorainneacha Schengen a mholadh. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, dá fhad a thugtar na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha isteach is déine an tairseach do na Ballstáit chun comhréireacht agus riachtanas na rialuithe sin a chruthú, chomh maith le teimpléid le haghaidh na bhfógraí agus na tuarascála *ex-post*, rud ar cheart feabhas a chur ar a gcáilíocht.

Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl, áfach, cé go bhfuil ceart tionscnaimh reachtaigh aige agus go bhfuil an togra glactha aige, go mbeidh téacs deiridh na reachtaíochta ann mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir na comhreachtóirí – Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

Glacann an Coimisiún le moltaí 1d), 1b), 1c) agus 1d), agus measann sé gur tugadh aghaidh orthu i bpáirt leis an togra le haghaidh leasú ar Chód Teorainneacha Schengen a glacadh an 14 Nollaig 2021 agus leis an measúnú tionchair lena mbaineann. Braithfidh cumas an Choimisiúin na spriocdhátaí a leagtar síos do na moltaí a chomhlíonadh ar ghlacadh an togra.

Ní ghlactar Moladh 1e), mar moltar ann gur cheart don Choimisiún gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a sheoladh. Cuireann sé sin isteach ar lánrogha an Choimisiúin maidir lena bheartas forfheidhmiúcháin agus maidir le nósanna imeachta um shárú a thosú nó gan iad a thosú, agus cá huair a dtosófaí iad i gcás go ndéanfaí sin, nó maidir le cás a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Bhreithiúnais, mar atá mínithe ar dhóigh níos mionsonraithe sa Teachtaireacht “Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr trí chur i bhfeidhm níos fearr”¹⁰.

Moladh 2: Bailiú sonraí faoi shrianta taistil a chuíchóiriú

Glacann an Coimisiún le moladh 2. Tá moladh déanta ag an gCoimisiún cheana féin, ar ndearnadh Airteagal 11 de den Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh i ndeireadh thiar, Airteagal lena mbunaítear ceanglas ar na Ballstáit eolas a thabhairt dá chéile agus don

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún — Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr a bhí le cur chun feidhme níos fearr, C(2016)8600, IO C 18, 19.1.2017, lch. 10–20

Choimisiún faoi na srianta a fhorchuirtear ar shealbhóirí Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh.

Chuige sin, ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi na cúiseanna atá leis na srianta sin, raon feidhme na srianta sin, a shonrú cé hiad sealbhóirí na ndeimhnithe atá faoi réir srianta den sórt sin nó atá díolmhaithe uathu, agus dáta agus ré na srianta sin. Leanann an Coimisiún de bheith ag bailiú faisnéise ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na Moltaí ábhartha ón gComhairle agus an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais Eorpaigh agus déanann sé obair leantach i gcomhar leis na Ballstáit nuair is gá.

Mura leor é sin, measúnóidh an Coimisiún ar cheart treoir bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit. Ar chaoi ar bith, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs an nuashonraithe atá beartaithe ag an gCoimisiún ar threoirlínte 2009 an Aontais maidir le saorghluaiseacht¹¹.

Moladh 3: Treoir níos inghníomhaithe a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha

Glacann an Coimisiún le moltaí 3a) agus 3b). Tabharfar aghaidh orthu tríd an athbhreithniú atá le déanamh ar an Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorainneacha, mar a fógraíodh sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód Aontais i dtaobh na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (SWD/2021/462 final). Tá an próiseas sin chun an Lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta ar siúl cheana féin.

¹¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le treoir chun trasuí agus cur i bhfeidhm níos fearr a dhéanamh ar Threoir 2004/38/CE maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus ag daoine dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (COM(2009) 313 final).